

NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN BUNSCOILE

EAGRÁN 10 – Feabhra 2018

FMS 2016-2020 – ag féachaint siar agus chun tosaigh

Fáilte go heagrán a deich de Nuashonrú FMS, an ríomhfheasachán do na bunscoileanna.

Tá tús curtha cheana féin leis an dara bliain de thimthriall 2016-2020 na féinmheastóireachta scoile. Moltar timthriall ag tosú le bliain imscrúdaithe sa chiorclán reatha FMS [0039/2016](#) agus sna [Treoirlínte FMS](#). Ag éirí as an imscrúdú sin – na chéad trí chéim de phróiseas FMS – ceapfar plean gníomhaíochta ar mhaithe le feabhsúcháin, agus díreofar, sa dara bliain den timthriall, ar an bplean feabhsúcháin sin a chur i ngníomh.

Is eol dúinn, mar sin féin, gur cuireadh isteach ar phróiseas an FMS, ar chúiseanna éagsúla, i mórchuid scoileanna. Sna míonna atá amach romhainn, beidh ar chumas gach scoile tabhairt faoin bpróiseas FMS arís ar bhonn scoile uile. Ba chóir go mbeadh litir faighte cheana féin ag do scoil ina mínítear an méid athbheithnithe a mbeifear ag súil leis ó scoileanna a fhilleann ar an dara timthriall seo den FMS.

Is é an rud is tábhachtaí san fhilleadh seo oibriú trí chéim an imscrúdaithe agus plean feabhsúcháin a ullmhú, bunaithe ar thosaíochtaí na scoile. I gcás mórchuid scoileanna, is ó thionscnaimh náisiúnta a socraíodh na tosaíochtaí, tionscnaimh ar nós tabhairt isteach Churaclam Teanga na Bunscoile. Tá an deis ag na scoileanna, tríd an bpróiseas FMS, athruithe den sórt sin a thabhairt isteach ar shlí a oirfidh dá scoil féin. Is féidir go bhfaighidh tú comhairle ar leathanach 2 a chabhróidh leat tacú le do scoil féin agus í ag filleadh ar an bpróiseas FMS.



Seans gur thug tú faoi deara, agus an ciorclán reatha FMS á léamh agat, an tagairt don leabú agus don athbheithniú leanúnach ar chleachtais litearthachta agus uimhearthachta a cuireadh i bhfeidhm sa chéad timthriall FMS. Gheobhaidh tú roinnt moltaí ar leathanach 3 faoin tslí le tabhairt faoi sin.

I gcaitheamh an tríú théarma de scoilbhliain 2017/18, tá i gceist againn seimineáir réigiúnacha a eagrú chun tacú le ceannairí bunscoile atá ag filleadh ar an bpróiseas FMS. Coimeád súil ar shuíomh Gréasáin an FMS agus ar ár bhfothaí Twitter agus Facebook le sonraí na n-imeachtaí sin a fháil.

Aonad Meastóireachta, Tacaíochta agus Taighde na Cigireachta

Clár


Filleadh ar an FMS mar ghníomhaíocht scoile uile

lch 2

Díriú ar an litearthacht agus an uimhearthacht i gcónaí

lch 3

Féach ár suíomh gréasáin agus ár leathanaigh ar na meáin shóisialta chun go mbeidh tú ar an eolas faoi fhorbairtí maidir leis an FMS. Cliceáil ar na deilbhíní thíos chun an nasc cuí a oscailt.



Filleadh ar an FMS mar ghníomhaíocht scoile uile

Bhí an Roinn den tuairim i gcónaí gur tionscadal fadtéarmach a bheadh san fhéinmheastóireacht scoile i bhformhór na scoileanna, fiú sna cásanna ab fhearr. Is féidir leis a bheith dúshlánach machnamh a dhéanamh ar do chleachtas féin, agus ar chleachtais na scoile uile. Agus ní mór a admháil gur ciall dhiúltach seachas ciall dhearfach a shamhlaítear, uaireanta, leis an bhfocal ‘feabhsú’. Anuas ar sin, táimid ag stracáil leis na torthaí ar ghéarchéim dhian eacnamaíoch, agus níl aon amhras ach go raibh constaicí go leor le sárú ag tabhairt isteach an FMS.

Beidh deis ag gach scoil fillleadh ar an bpróiseas FMS ó dheireadh mhí Feabhra 2018. D’fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas cabhrú leat ullmhú chuige seo.

- Déan athbhreithniú tapa ar aistear FMS do scoile féin go dtí seo. Cad a d’éirigh libh a dhéanamh? Cén tionchar a bhí ag an bpróiseas ar an bhfoghlaim agus ar an múineadh? Cad iad na codanna den phróiseas ar éirigh leo? Cad iad na codanna den phróiseas a bhí dúshlánach? Cad a d’athrófá?
- Caith roinnt ama ag cur eolais ar a bhfuil i gCiorclán 0039/2016 agus sna Treoirínte FMS. B’fhiú féachaint ar chuid de na [físeáin](#) is déanaí ar shuíomh gréasáin an FMS. Tá roinnt [seimineár gréasáin](#) ann, leis, maidir le conas leas a bhaint as *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* chun tacú leis an bpróiseas FMS agus ar an tslí leis an bpróiseas a úsáid chun Curaclam Teanga na Bunscoile a chur i ngníomh.
- I Nuashonruithe FMS 8 agus 9, thugamar cuntas ar dhá cheann de ‘threoirscoileanna’ a bhí ag baint leas as cuid de na caighdeáin in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* mar thaca lena rannpháirtíocht i bpróiseas sé chéim an FMS. B’fhiú súil siar a chaitheamh ar na ‘[treoirscoileanna](#)’ seo mar chabhair agus tú ag smaoineamh ar an tslí a gcuirfidh tú an próiseas i ngníomh.
- Cuir an FMS ar ais ar chlár oibre na foirne, nuair a bhíonn an t-am oiriúnach. Pléigh an méid ar éirigh leis roimhe seo agus a chuir feabhas buan ar staid na bhfoghlaimoirí. Díriú ar réimsí a d’oirfeadh do do scoil.
- Smaoinigh ar chuairt chomhairleach FMS a iarraidh. Tá sé feicthe ag scoileanna agus cigirí go gcabhraíonn an chuairt seo chun comhrá a thosú mar gheall ar an bpróiseas FMS agus is féidir leo dlús a chur leis an bpróiseas sa scoil féin agus an dlús sin a choimeád. Seol ríomhphost chuig info@schoolself-evaluation.ie más spéis leat cuairt chomhairleach a shocrú.

Leagtar amach i gCiorclán 0039/2016 riachtanais na scoileanna maidir le FMS, ach ní miste a rá nach mbeidh rath ar an bpróiseas riamh mura dtéitear níos faide ná an rud atá éigeantach. Mar a deir gúrunna an inspreagtha, ní mór fonn a bheith ort an rud éigeantach a dhéanamh!

Is fíor gur fusa é sin a rá ná a dhéanamh. Ach tarlóidh an t-athrú meanman seo nuair a bhíonn réasúnaíocht shoiléir ann chun an cleachtas reatha a athcheapadh agus cineálacha nua cur chuige a thabhairt isteach. Is minic a bhíonn tionchar láidir ag faisnéis chrua i dtaobh cúrsaí tinrimh agus gnóthachtála, ach is féidir le heolas níos boige ó scoláirí faoin rud a oibríonn ina gcás féin a bheith níos cumhachtaí fós ó thaobh cabhrú le múinteoirí tuiscint a fháil ar an gcineál athraithe atá de dhíth.

Ní éireoidh leat má iarrann tú ar dhaoine sliabh a dhreapadh atá ró-ard dóibh. Ní gá ach díriú ar ghné amháin den mhúinteoireacht agus den teagasc a dhéanfadh difear i do scoil féin. Sin í an chéad chéim. Ansin socraigh cad is gá a dhéanamh chun an feabhsúchán sin a bhaint amach.

- | | |
|---|--|
| ➤ Conas atá an scéal faoi láthair, maidir leis? | Bailigh sonraí bonnlíne. |
| ➤ Conas ar mhaith leat an scéal a bheith? | Socraigh sprioc na scoile |
| ➤ Cad iad na gníomhaíochtaí/cineálacha cur chuige a thabharfaidh ansin thú? | Leag amach do phlean gníomhaíochta |
| ➤ Conas a chuirfidh tú i ngníomh é?
Agus conas a gheobhaidh tú amach an bhfuil an
plean gníomhaíochta ag obair? | Cuir an plean i ngníomh
Monatóireacht agus tomhas |

Féach ar chodanna de *Ag Breathnú ar an Scoil Ainne 2016* a bhaineann go sonrach le do scoil féin. Díriú ar chaighdeán nó ráiteas amháin nó dhó i dtaobh cleachtas éifeachtach a bhaineann leis an ngné den mhúinteoireacht nó den fhoghlaim is mian leat a fheabhsú.

Bain úsáid as an eolas agus na sonraí atá agat cheana féin, sula mbailíonn tú tuilleadh. Agus comhairle á cur acu ar scoileanna, is minic a mheabhraíonn cigirí dóibh a shuibhre atá na sonraí atá ar fáil cheana sa scoil féin. Ag an scoil féin atá an t-eolas is fearr ar a cás féin.

Agus ar deireadh, ba mhaith linn go bhféachfá ar ár dtuairiscí cigireachta mar chabhair duit féin – súil sheachtrach a thugann dearcadh eile duit ar an scoil mar aon le roinnt comhairle d’aistear an FMS.

Díriú ar an litearthacht agus an uimhearthacht i gcónaí

Luaitear i gCiorclán 0039/2016 gné thábhachtach den leanúnachas idir an chéad agus an dara timthriall den FMS: is é sin, an fócas leanúnach ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht. Déantar tagairt sa ghrafaic a chuirtear ar fáil ar leathanach 3 den chiorclán do “chleachtas litearthachta agus uimhearthachta leabaithe, faoi athbhreithniú rialta”. Is iomaí scoil a bhfuil treoir maidir leis seo iarrtha acu.

Díríonn an chéad chuid den alt seo ar fhócas leanúnach ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht i gcomhthéacs na Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. Sa dara cuid gheofar moltaí simplí ar conas is féidir le scoileanna cleachtas litearthachta agus uimhearthachta a athbhreithniú don chéad timthriall agus leanúint den fhócas ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimoirí a neartú tríd an FMS.

Rudaí a d’fhoghlaim na scoileanna ó athbhreithniú 2017 ar an Straitéis Náisiúnta

Is fiú a thabhairt chun cuimhne gur socraíodh an fócas ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht sa chéad timthriall FMS chun go bhféadfaí próiseas an FMS a nascadh leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, a tugadh isteach in 2011. Mar is eol duit, b’fhéidir, foilsíodh [athbhreithniú leanúnach](#) ar an straitéis i Márta 2017, inar socraíodh spriocanna nua náisiúnta maidir le 2017-2020.

Rinneadh comparáid san athbhreithniú idir na torthaí ábhartha i gcás daltaí d’aois bhunscoile sa Mheasúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus na Matamaitice i 2014, agus na spriocanna bunaidh i 2011. Rinneadh comparáid san athbhreithniú, leis, idir meánscoir na ndaltaí sa Mhatamaitic ó TIMMS 2014. Léiríodh i dtorthaí NAERM 2015 and TIMMS 2015 araon gur comhlíonadh spriocanna áirithe cheana féin, agus mar sin socraíodh roinnt spriocanna nua. Gheobhaidh tú na spriocanna nua litearthachta agus uimhearthachta ar leathanaigh 18 agus 19 den athbhreithniú sin. Seo sliocht as leathanach 18:

Spriocanna Náisiúnta Feabhsúcháin i gcás na Litearthachta agus na hUimhearthachta ar Leibhéal na Bunscoile – faoi 2020

- Tógáil ar na méaduithe ar chéatadán na ndaltaí bunscoile atá ag feidhmiú ar Leibhéal 3 nó os a chionn sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic, agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS Banda 1 agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór – rud a thomhaisfear sna Measúnuithe Náisiúnta ar Léamh an Bhéarla agus ar an Matamaitic i 2019.
- Tógáil ar na laghduithe ar chéatadán na ndaltaí bunscoile atá ag feidhmiú ar Leibhéal 1 nó faoina bhun ag deireadh an bhunoideachais, agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS Banda 1 agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór – rud a thomhaisfear sna Measúnuithe Náisiúnta ar Léamh an Bhéarla agus ar an Matamaitic i 2019.
- Sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic araon, beidh sé tábhachtach a chinntiú go gcoimeádtar an dul chun cinn i rang a dó suas go dtí rang a sé.

Is eiseamláir ar an mórsála é an méid atá tite amach ar an leibhéal náisiúnta den mhéid a d'fhéadfá a dhéanamh i do scoil féin agus tú ag féachaint ar an dul chun cinn atá déanta agaibh sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Má shocraigh tú spriocanna 'méadú céatadán' sa chéad timthriall den FMS – maidir le leibhéil ghnóthachtála i scrúduithe caighdeánaithe, b'fhéidir – ar baineadh amach na spriocanna? Má baineadh, an bhfuil fianaise ann go bhféadfaí na spriocanna a ardú tuilleadh, nó iad a choimeád mar spriocanna leanúnacha? Murar baineadh, cén fáth a bhí leis sin? An raibh siad míréasúnta, nó an gá duit féachaint arís ar na gníomhaíochtaí trínar fhéach tú le hiad a bhaint amach?

Tá slí eile ina bhféadfaí leas a bhaint as an athbhreithniú náisiúnta chun díriú go héifeachtúil ar an litearthacht agus an uimhearthacht ar leibhéal na scoile. Sa sliocht thuas, feicfidh tú tagairtí do Leibhéal 1 agus Leibhéal 3. Is é Leibhéal 1 an leibhéal inniúlachta is ísle a luaitear in NAERM, agus is é Leibhéal 3 an dara leibhéal is airde.

Sna spriocanna náisiúnta do 2020 cuirtear béim ar leith ar dhaltaí ar dhá cheann an speictrim inniúlachta. Déantar amhlaidh chun aird ar leith a dhíriú ar íosghnóthachtálaithe agus ardghnóthachtálaithe – agus ciallaíonn sé sin spriocanna ar leith a shocrú do na grúpaí sin. Is féidir go m'fhiú duit an cur chuige sin a ghlacadh i do scoil féin i leith cleachtais litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus a bheachtú.

Tá doiciméad gearr foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas ina ndéantar [cur síos](#) ar na ceithre leibhéal inniúlachta don litearthacht léitheoireachta agus don mhatamaitic a úsáideadh in NAERM 2014. Is fiú go mór iad a léamh!

'Cleachtais litearthachta agus uimhearthachta leabaithe, faoi athbhreithniú rialta': céard atá i gceist anseo?

Cén fáth an fócas leanúnach ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht? Is scileanna geata iad seo d'fhoghlaimoirí i ngach cuid den churaclam, ach is scileanna riachtanacha saoil iad, leis. Is féidir go bhfoghlaimíodh scoláirí conas roghanna a thuiscint agus a bhainistiú, a bheith fiosrach agus seasmach, glacadh leis an débhríocht, agus oibriú i gcomhar le daoine eile, trí shealbhú na litearthachta agus na huimhearthachta.

Croí-obair a bhí ann riamh scileanna litearthachta agus uimhearthachta a mhúineadh sna bunscoileanna. Is toradh ar an FMS é gur aithin mórchuid scoileanna réimsí ina bhféadfaí torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimoirí a fheabhsú, agus gur ceapadh cineálacha cur chuige agus idirghabhálacha teagaisc le díriú orthu. Ach ní mór súil chriticiúil a chaitheamh, ó am go chéile, ar an gcleachtas, féachaint an bhfuil sé ag obair mar ba cheart – sin an rud atá i gceist le 'athbhreithniú rialta'.

Nuair a thug do scoil féin idirghabháil ar son na litearthachta isteach den chéad uair, b'fhéidir gur ar scileanna áirithe léamhthuisceana nó scríbhneoireachta a bhí sibh ag díriú. Um an dtaca seo, is féidir go bhfuil na scileanna sin leabaithe go maith agus go bhfuil na torthaí a rabhtas ag súil leo á bhfáil ag na foghlaimoirí. Is féidir go mba ghá na cineálacha cur chuige a athfhócasú, ionas go bhféachfar le leibhéal níos airde a bhaint amach sna scileanna sin, nó go deimhin chun iad a choimeád ag an leibhéal reatha. B'fhiú an fócas atá le hidirghabháil a athrú ó am go chéile, leis, chuig réimse atá níos riachtanaí anois do na foghlaimoirí.

Is deis é cur i ngníomh Churaclam Teanga na Bunscoile chun múineadh agus foghlaim na litearthachta a mheas agus a athbhreithniú go leanúnach. Agus an Curaclam sin á chur i ngníomh agat, smaoinigh cibé ar cloíodh leis na cleachtais aontaithe sa litearthacht, agus cibé an gá cleachtais a athrú.

Ar an tslí chéanna, is féidir go bhfuil cur chuige ar leith san uimhearthacht aontaithe agat i leith na slí a fhoghlaimíonn foghlaimoirí topaic mar luach ionaid, nó conas a chuireann múinteoirí eispéiris foghlama ar fáil do dhaltaí i snáithe an chrutha agus an spáis den churaclam matamaitice. Cuir na ceisteanna seo a leanas mar chuid d'athbhreithniú rialta:

- An bhfuil na gníomhartha aontaithe ar siúl i gcónaí agus an bhfuil siad leabaithe i gcleachtas aonair na múinteoirí?
- An bhfuil an tionchar inmhianaithe acu ar an bhfoghlaim i gcónaí?
- An bhfuil siad bainteach le hábhar agus éifeachtach i gcónaí?

Is féidir go mbeidh freagra dearfa ar chuid de na ceistanna seo, ach is féidir go nochtfaidh siad an gá atá le cleachtais aontaithe a mheabhrú do na múinteoirí uile.

Agus ar ndóigh, ní amháin sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic a mhúintear agus a shealbhaítear scileanna litearthachta agus uimhearthachta! Agus tú ag smaoineamh ar réimsí fócais eile do FMS do scoile, b'fhiú leabú scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chur san áireamh i do phleananna feabhsúcháin eile. Is féidir go mbeidh deiseanna ann chun scileanna nó réimsí ar díriodh orthu sa chéad timthriall FMS, a aibhsiú sa réimse nua tosaíochta. Is féidir gur aithin tú an Eolaíocht mar réimse nua fócais, agus is féidir go mbeidh deis ann chun cleachtais teanga ó bhéal nó scríbhneoireachta, cleachtais atá faoi réim cheana féin, a leabú tuilleadh. Is féidir go gcuirfí coincheapa ar leith uimhearthachta a bhaineann leis an gcorpoideachas san áireamh sna gníomhartha i bplean feabhsúcháin don chorroideachas.